Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile riartha ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €8.55 million a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní caipitil: feithiclí agus trealamh***

Cuirtear feithiclí urghafa a dílsíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an dílsithe agus dímheastar iad ag ráta 20% per annum de réir na líne dírí.

Dímheastar cuitéar an Chustaim ag ráta 5% per annum de réir méid chothroim.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Braithim ar litreacha dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Roinnte maidir le soláthar seirbhísí roinnte Acmhainní Daonna agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le soláthar seirbhísí roinnte Párolla. Tugann na litreacha dearbhú go bhfuil na rialuithe cuí á gcleachtadh i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid de na heilimintí seo a leanas

- tá freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach sannta ag leibhéal na bainistíochta
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

**Rialúcháin riaracháin agus tuairisciú bainistíochta**

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdháileadh dualgas agus córas tairmligin agus cuntasachta, agus go háirithe

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air.
- Go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe bliantúla ar thurascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh tuartha.
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm san Oifig le rioscaí féideartha a shainaithint agus lena chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe iomchuí i bhfeidhm.
- Áirítear ar na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú;
    - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
    - scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
    - pleanáil gnó/straitéiseach chomhtháite agus córas Bainistithe Riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal Eagraíochtúil, Rannáin agus Brainse
    - modheolaíochtaí bainistithe tionscadal do na tionscadail shuntasacha go léir.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.
- Ta treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go hiomchuí ar dheachleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Tá córas bainistithe airgeadais tugtha isteach ag an Oifig a thaifeadann sonraí gach soláthair earraí agus sheirbhísí agus íocaíochtaí gaolmhara. Áirítear ar an mbunachar sonraí seo taifid a bhaineann le seirbhís fhadtéarmach, tacaíocht agus comhaontuithe cothabhála, maidir le bogearraí agus cumarsáid go príomha, sa chás nach bhfuil gnáth-thairiscintí praiticiúil ná indéanta. Níl na socruithe seo san áireamh i gCiorclán 40/02 ach déantar iad a thaifeadadh ar leithligh.

Is é luach iomlán na socruithe seo ná €10,698,766 agus tá san áireamh ann:

- Sé chonradh is fiche le luach iomlán de €7,172,060 a bhaineann le tar-rolladh thacaíocht/cothabháil/ceadúnú chórais TE na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Cúig chonradh le luach iomlán de €746,976 a bhaineann le síntiúis bhliantúla/leathbhliantúla.
- Sé chonradh le luach iomlán de €2,280,792 a bronnadh ar sholáthróirí aonair.
- Conradh amháin le luach €498,938 a soláthraíodh contrártha leis na treoirlínte náisiúnta soláthair. Baineann seo le conradh seanbhunaithe do sheirbhísí guthánaithe chuig Ranna Rialtais. Tá sé i gceist ag na Coimisinéirí Ioncaim dul i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte ach amháin maidir le 26 chonradh arbh fhiú €4,636,573 iad, a bhfuil liosta díobh i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Áiríodh na conarthaí seo i dtuairisceán Chiorclán 40/2002 de bharr go bhfuil siad os cionn na tairsí tuairiscithe €25,000. Bronnadh iad gan tairiscint iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ceithre conarthaí le luach iomlán de €3,576,558 san iomlán iad, mar gheall ar thráthúlacht thairiscintí soláthair in san Oifig um Sholáthar Rialtais
- Bronnadh ceithre chonradh arbh fhiú €619,557 san iomlán iad mar gheall ar riachtanais ó thaobh scileanna speisialta/saincheisteanna
- Seacht gconradhle luach iomlán de €391,867san iomlán iad ar sholáthraí aonair
- Bronnadh conradh amháin arbh fhiú €48,591 é maidir le hobair dheisithe agus chothabhála feithicle riachtanach. Beidh conradh nua ag teacht in áit an chonartha seo in 2016 mar thoradh ar phróiseas tairisceana tras-rannach.

Is é beartas m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha go léir atá ar fáil chomh luath agus a bhíonn siad ar fáil, agus caidreamh a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla againn. Beidh rialuithe ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfar an straitéis seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Chairt Iniúchta Inmheánaí scríofa foirmiúil. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i dtacaí le conartha a d'fheidhmigh i 2015.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Meán Fómhair 2016

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus Bailiú Cánacha, Dleachtanna agus Bainistiú Teorann | 405,637 | 401,440 | 385,294 |
| | **Ollchaiteachas** | **405,637** | **401,440** | **385,294** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **76,156** | **82,512** | **78,061** |
| | **Glanchaiteachas** | **329,481** | **318,928** | **307,233** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid de leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil nár caitheadh, nó iad ar fad, a thabhairt anonn le caitheamh sa chéad bhliain eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 10,553,281 | 13,230,169 |
| Géilleadh iarchurtha | (2,000,000) | — |
| Farasbarr le géilleadh | 8,553,281 | 13,230,169 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 299,666 | 288,647 | 285,655 |
| ii | Taisteal agus cothú | 3,500 | 3,740 | 3,606 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | 18,975 | 17,839 | 19,899 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 9,700 | 9,977 | 9,928 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 52,450 | 60,234 | 46,503 |
| vi | Costais áitribh oifige | 7,100 | 6,351 | 6,882 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 45 | 55 | 43 |
| viii | Mótarfheithiclí agus cothabháil trealaimh | 2,400 | 2,951 | 2,481 |
| ix | Luaíocht, táillí agus muirir dlí | 11,285 | 11,046 | 9,868 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | 516 | 600 | 429 |
| | | 405,637 | 401,440 | 385,294 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 288,647 | 285,655 |
| Neamhphá | | 112,793 | 99,639 |
| **Ollchaiteachas** | | **401,440** | **385,294** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **82,512** | **78,061** |
| **Glanchaiteachas** | | **318,928** | **307,233** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ar cheannacháin | (5,931) | | |
| Dímheas | 16,965 | | |
| Airgead ar dhiúscairtí | 24 | | |
| (Gnóthachan) ar dhiúscairtí | (12) | | |
| | | 11,046 | 10,635 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (9,727) | (8,127) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (10,824) | | |
| Laghdú ar stoc | 204 | | |
| | | (10,620) | (1,100) |
| **Caiteachas díreach** | | **309,627** | **308,641** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead) (nóta 1.1) | | 88,542 | 83,963 |
| Measchíosanna (neamhairgid) | | 9,843 | 9,220 |
| **Costas glan clár** | | **408,012** | **401,824** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá méid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta a leanas maidir le Vóta 9 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna a íoctar ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntaisagus Liúntais Scoir | | 72,294 | 66,650 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 18,655 | 19,154 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | | 1,229 | 1,045 |
| | | 92,178 | 86,849 |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan muirear[a] | m | (3,636) | (2,886) |
| | | 88,542 | 83,963 |

[a] I dteannta seirbhísí gan muirear (€3.64 milliún) do Vótaí eile, cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €890,000 ar fáil gan muirear do neamh vótáil chomhlachtaí. Ciallaíonn “m” gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 61,137 | 62,683 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 1,905 | 1,625 |
| | | **63,042** | **64,308** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 14,365 | 5,539 |
| Stoic | 2.5 | 1,314 | 1,518 |
| Réamhíocaíochtaí | | 17,418 | 7,047 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,594 | 2,658 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 2,665 | 5,462 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **38,356** | **22,224** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,350 | 3,855 |
| Ioncam iarchurtha | | 90 | 81 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 15,291 | 10,552 |
| Glandliteanas dlite don Státchiste | 2.8 | 1,739 | 449 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **20,470** | **14,937** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **17,886** | **7,287** |
| **Glansócmhainní** | | **80,928** | **71,595** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **80,928** | **71,595** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2015**<br>**€000** | **2014**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 71,595 | 72,999 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar Measta | Cuntas | 329,481 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (2,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (8,553) | | |
| Vóta glan | | | 318,928 | 307,233 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 88,542 | 83,963 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 9,843 | 9,220 |
| Nithe neamh airgid eile – feithiclí a urghabháladh | | | 32 | 4 |
| Costas glan clár | 1 | | (408,012) | (401,824) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **80,928** | **71,595** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 13,779 | 404,392 | 57,016 | 475,187 |
| Breiseanna | 835 | 13,576 | 989 | 15,400 |
| Feithiclí gafa a leithreasaíodh chuig na Coimisinéirí Ioncaim | 32 | — | — | 32 |
| Diúscairtí | (311) | (1,018) | (32) | (1,361) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 14,335 | 416,950 | 57,973 | 489,258 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | 10,933 | 350,449 | 51,122 | 412,504 |
| Dímheas don bhliain | 659 | 15,117 | 1,189 | 16,965 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (302) | (1,015) | (31) | (1,348) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | 11,290 | 364,551 | 52,280 | 428,121 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **3,045** | **52,399** | **5,693** | **61,137** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **2,846** | **53,943** | **5,894** | **62,683** |

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| ag 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhairí in-tí |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 1 Eanáir 2015 | 1,625 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 9,727 |
| Aistrithe go clár sócmhainní | (9,447) |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ag 31 Nollaig 2015 | 1,905 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 14,363 | 5,611 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc tráchtála | 2 | 8 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | — | (80) |
| | 14,365 | 5,539 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 593 | 593 |
| Ábhar Inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 380 | 477 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 341 | 448 |
| | 1,314 | 1,518 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain ar fhoirgneamh comhroinnte | 155 | 211 |
| Airleacain do chríocha costas taistil agus cothabhála | 9 | 6 |
| Suimeanna atá dlite don OOP d'oibreacha tógála, srl. | 415 | 291 |
| Míreanna ilghnéitheacha ar fionraí | 871 | 775 |
| Vóta 10 Na Coimisinéirí Achomhairc | 178 | 114 |
| Fionraí párolla | 1,037 | 4,065 |
| | 2,665 | 5,462 |

**a) Díscríobh fiach agus soláthairtí**

Le linn 2015, rinne Vóta 9 soláthar do dhroch-fhiacha de €25,000 mar seo a leanas

| | **Fiacha a Díscríobhadh** | | **Gluaiseacht i Soláthar** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | **2014** | **2015** | **2014** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna Foirgneamh Roinnte OPW Neamh-inaisghabhála | — | — | 25 | — |
| Iomlán | — | — | 25 | — |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna atá dlite don/(ón) Stát | | |
| Cáin ioncaim | 5,480 | 4,086 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,971 | 1,480 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,110 | 457 |
| Cáin Bhreisluacha | 430 | 275 |
| Cáin Chonarthaí Ábhartha | — | (3) |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 47 | 53 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 927 | 683 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 460 | 410 |
| | 11,425 | 7,441 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 3,694 | 2,868 |
| Caiteachas infhorchúitithe roimh ré | 120 | 187 |
| Míreanna eile creidmheasa ar fionraí | 52 | 56 |
| | 15,291 | 10,552 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 8,553 | 13,230 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,000 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,814) | (12,781) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,739 | 449 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 14,365 | 5,539 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2,665 | 5,462 |
| | 17,030 | 11,001 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,425) | (7,441) |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | (3,866) | (3,111) |
| | (15,291) | (10,552) |
| | | |
| | 1,739 | 449 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Fotheidil soláthair | 4,696 | 6,311 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Riarachán agus bailiúchán cánacha, dleachtanna agus bainistiú teorann** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 299,666 | 288,647 | 285,655 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 105,971 | 112,793 | 99,639 |
| | | 405,637 | 401,440 | 385,294 |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Sóisialach Pá-Choibhneasta | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2. | Fíneálacha, forghéilleanna nó costais dlí aisghafa | 3,600 | 3,586 | 3,664 |
| 3. | Uimhreacha le caomhnú | 50 | 177 | 131 |
| 4. | Fáltais maidir le bailiúchán an Tobhaigh Chomhshaoil | 400 | 398 | 399 |
| 5. | Sciar an chostais bailithe SASP (Údarás Aonair ar mhaithe le Nósanna Imeachta Simplithe) | 16,000 | 23,151 | 18,204 |
| 6. | Míreanna ilghnéitheacha | 2,000 | 2,664 | 2,545 |
| 7. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsean ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le foireann státseirbhíse | 16,669 | 15,099 | 15,681 |
| | **Iomlán** | **76,156** | **82,512** | **78,061** |

**Míniú ar Athruithe Suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 amach agus breis is 5% amach ón tsuim mheasta.

| **Teideal** | **Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Uimhreacha pearsantaithe | (127) | Fáltais éagsúla ag brath ar éileamh. Méadú de bharr díolachán carranna nua níos airde. |
| Sciar na gcostas bailithe SASP | (7,151) | Léiriú é seo ar chostais bhailithe i ndáil le dleachtanna Custaim. Tá se deacair na dleachtanna atá le híoc a thuar mar baineann sin le leibhéil gníomhaíochta eacnamaíochta i mballstáit eile. |
| Ilghnéitheach | (664) | Méadú i méid na dtáillí ar chártaí creidmheasa/dochair mar gheall ar úsáid mhéadaithe agus Aisíocaíochtaí Easpórtála CCF. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhain le pinsin ar fháltais seirbhíse poiblí maidir le baill foirne státseirbhíse | 1,570 | Mar gheall go príomha ar rómheastachán ar an meántuarastal. |

**4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 410 | 366 |
| Airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | 1,054 | 844 |
| Fáltais ó chion na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frithghóchumtha/frithchontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 726 | 667 |
| Ús bainc | — | 55 |
| Géilleadh deonach an tuarastail faoi Alt 483 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 | — | 14 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,730) | (1,536) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 460 | 410 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | 5,860 | 5,787 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 268,040 | 265,409 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 4,257 | 3,851 |
| Ragobair | 2,630 | 3,194 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,720 | 13,201 |
| **Pá iomlán** | **288,647** | **285,655** |

Áirítear ar an líon foirne ag deireadh 2015 80 Oifigeach Cléireachais sealadacha (2014:140), 46 díobh a phléigh le riarachán Cáin Mhaoine Áitiúil. D'fhreastail an chuid eile ar bhuaicphointí gnó eile ar fud na heagraíochta.

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair 2015 € | Uasíocaíocht Aonair 2014 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-Dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 218 | 11 | 17,998 | 17,602 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,798 | 129 | 29,618 | 26,870 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 188 | 26 | 23,595 | 22,015 |
| Míreanna Ilghnéitheacha | 95 | 6 | 27,505 | 10,232 |
| An líon daoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 268 | 101 | 29,828 | 26,723 |

**5.2 Dámhachtainí Feidhmíochta**

Caitheadh €105,633 san iomlán ar Scéimeanna Aitheantais Foirne i.e. 1,826 dámhachtain ar leithligh, ó €19 go €350.

**5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

€487,977 a bhí sa chostas gan aisghabháil maidir le foireann na gCoimisinéirí a bhí ar iasacht chuig ranna/gníomhaireachtaí eile (2014: €447,241).

Íocadh €123,810 san iomlán le 13 ball foirne in 2015 mar chúiteamh ar éilimh i leith chaillteanas tuillimh de réir moladh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais 19995 agus moladh an Oifigigh Idirghabhála faoi chiorclán 11/2001 na Roinne Airgeadais.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Párolla**

€1,128,777 (827 cás) a bhí i ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana (2014 €782,173, (555 cás)). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le €432,517 (279 cás) den mhéid sin.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as Feidhm | 145 | 42 |

### 6.2 Costais Dlíthiúla, Táillí agus Duaiseanna (fotheideal A (ix))

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí Seachtracha | 5,230 | 5,447 |
| Táillí Abhcóide | 2,387 | 1,820 |
| | | |
| Táillí agus costais eile | | |
| Costais Féimheachta/leachtaithe | 2,204 | 1,978 |
| Táillí cúirte | 484 | 2 |
| Costais agus duaiseanna ilghnéitheacha | 741 | 621 |
| | 11,046 | 9,868 |

### 6.3 Costais Dhlíthiúla (*costais chúitimh i gcuntais 2014)*

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon cásanna | Costais dhlíthiúla a d'íoc an Roinn | Costais dhlíthiúla bronnta | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe an Vóta** | | | | | | |
| Éilimh a rinneadh via an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo. | 10 | 2 | 39 | 48 | 89 | 136 |
| Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair. | 9 | — | — | 3 | 3 | 6 |
| **Éilimh ó dhaoine eile den phobal** | 17 | 15 | 249 | 244 | 508 | 287 |
| | | 17 | 288 | 295 | 600 | 429 |

### 6.4 DliteanasTeagmhasach

Tá dliteanais theagmhasacha €2.2 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2014: €2.1 milliún).